**RABHADH**
**CAITHFEAR an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014

## DÉ CÉADAOIN 18 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30-12.00

# EACNAMAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – ARDLEIBHÉAL

**(320 Marc)**

Freagair **cúig cheist déag** as Cuid 1 agus **ceithre** cheist as Cuid 2.
Níor cheart duit níos mó ná uair an chloig a chaitheamh le Cuid 1.

## CUID 1 (120 marc)

Freagair **cúig cheist déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (8 marc).

## CUID 2 (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná** scríobh freagraí Chuid 2 ar an gceistpháipéar seo.

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I gCUID 2 A FHREAGAIRT.**

# CUID 1 (120 marc)

Freagair **cúig** cheist **déag**.
Scríobh na freagraí sna spásanna cuí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (8 marc).

**1**. Sa Mhóráireamh ar an Talmhaíocht in Éirinn in 2010 cad é:
(cuir tic (✓) le freagra **amháin** i n**gach** cás)

(i) Líon neasach iomlán na bhfeirmeacha? 80,000 ☐ 100,000 ☐ 140,000 ☐

(ii) Meánmhéid neasach feirme (heicteáir)? 21 ☐ 33 ☐ 48 ☐

**2.** Is féidir a rá go mbíonn feirm neamh-inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de nuair: __________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**3.** Glac leis go dtiteann praghsanna ainmniúla na heorna de 2% i mbliain áirithe, agus go dtiteann leibhéal ginearálta na bpraghsanna de 5% sa bhliain chéanna. Cad a tharlaíonn d'fhíorphraghsanna na heorna?
(cuir tic (✓) le freagra **amháin**).

(i) Titeann fíorphraghsanna na heorna de 7% ☐
(ii) Titeann fíorphraghsanna na heorna de 3% ☐
(iii) Éiríonn fíorphraghsanna na heorna de 3% ☐

**4.** Luaigh **dhá** easnamh margaíochta a bhfuil tionchar acu ar thalmhaíocht na hÉireann faoi láthair:

(i) ______________________________________________________________________

(ii) ______________________________________________________________________

**5.** Freagair na ceisteanna seo a leanas maidir leis an Suirbhé Náisiúnta Feirme (NFS *i mbéarla*):

(i) Cé a dhéanann é? ______________________________________________

(ii) Cé chomh minic is a dhéantar é? ____________________________________

**6.** Mínigh an téarma 'Cáin Ghnóthachan Caipitiúil': ______________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**7.** Mínigh an téarma 'Gnáthearra' i dteoiric an éilimh:

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**8.** Luaigh **dhá** theorainn a chuireann córas an chuóta bainne le forbairt earnáil déiríochta na hÉireann:

(i) ______________________________________________________________________

(ii) ______________________________________________________________________

**9.** Cheannaigh Séamas tarracóir **athláimhe** ar €8,000 in 2013. In 2007 a rinneadh an tarracóir agus díoladh an bhliain sin é ar €32,000. Cén tionchar atá ag ceannach an tarracóra ag Séamas sa bhliain 2013 ar fhigiúirí Olltáirgeadh Intíre (OTI) (GDP *i mBéarla*) don bhliain sin? (cuir tic (✓) le freagra **amháin**).

(i) Titeann OTI na bliana 2013 de €24,000 ☐

(ii) Níl aon athrú ar OTI na bliana 2013 ☐

(iii) Tá ardú €8,000 ar OTI na bliana 2013 ☐

**10.** Glac leis go dtáirgeann 4 aonad d'Ionchur X 100 aonad d'Aschur Y agus go dtáirgeann 5 aonad d'Ionchur X 120 aonad d'Aschur Y, má choinnítear gach ionchur eile gan athrú. Ríomh gach ceann díobh seo a leanas:

(i) **Meántáirgeadh** Y ó 4 aonad d'Ionchur X: _______________

(ii) **Táirgeadh imeallach** Y ón gcúigiú aonad d'Ionchur X: _______________

**11.** Mínigh an téarma 'Boilsciú de bharr Costbhrú' agus tabhair sampla **amháin** as talmhaíocht na hÉireann:

**Míniú:** ______________________________________________

______________________________________________

**Sampla:** ______________________________________________

**12.** Mínigh an téarma 'Treoir ón AE' agus tabhair sampla **amháin** as talmhaíocht na hÉireann:

**Míniú:** ______________________________________________

______________________________________________

**Sampla:** ______________________________________________

**13.** Cén tslí a dtéann fás geilleagrach laghdaithe i bhfeidhm ar dheischostas an tsaothair sa talmhaíocht?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**14.** Glac leis go bhfuil an meánioncam ó na feirmeacha teaghlaigh in Éirinn 28% níos ísle ná an meántuilleamh sa tionsclaíocht. Luaigh **dhá** chúis a gcaithfear a bheith cúramach agus an bhearna seo á léirmhíniú:

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**15.** Luaigh **dhá** phrionsabal a bhaineann le comharchumainn:

(i) ______________________________________________

(ii) ______________________________________________

**16.** I dtéarmaí an éilimh ar na táirgí seo a leanas, cé acu ceann is **neamhleaistí** ó thaobh an phraghais de agus cé acu ceann is **leaistí** ó thaobh praghais de, dar leat? (cuir tic (✓) le freagra **amháin i ngach cás**).

| **Earraí** | **Feoil** | **Bia** | **Stéig filléid** | **Mairteoil** |
|---|---|---|---|---|
| (i) Is neamhleaistí | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| (ii) Is leaistí | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

**17.** Tabhair breac-chuntas ar an méid a thuigtear leis an téarma 'Glasú' sna leasuithe ar an CAP a comhaontaíodh in 2013:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**18.** Mínigh an téarma 'Árachas Dliteanais Phoiblí' agus tú ag tagairt don fheirmeoireacht:

______________________________________________

______________________________________________

**19.** Dá dtitfeadh ráta malairte an euro i gcoibhneas le hairgeadraí eile, cén tionchar is dóichí a bheadh aige sin orthu seo a leanas? (cuir tic (✓) le freagra **amháin i ngach cás**)

(i) Costas na n-iompórtálacha ag teacht isteach i limistéar an euro:

Méadú ☐ Laghdú ☐ Gan athrú ☐

(ii) An boilsciú i limistéar an euro:

Méadú ☐ Laghdú ☐ Gan athrú ☐

**20.** Luaigh tairbhe **amháin** agus dúshlán **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ann **do ghnó na talmhaíochta in Éirinn** má shíneann an AE comhaontú saorthrádála le Stáit Aontaithe Mheiriceá:

Tairbhe: ______________________________________________

______________________________________________

Dúshlán: ______________________________________________

______________________________________________

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I gCUID 2 A FHREAGAIRT.**


# CUID 2 (200 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (50 marc).
**Ná** scríobh freagraí Chuid 2 ar an gceistpháipéar seo.


**1.**

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** athróg a mbíonn tionchar acu ar **sholáthar** tráchtearraí talmhaíochta.

**Margadh na ráibe síol ola**




**Margadh na heorna**




**(b)** Taispeánann na léaráidí thuas cuar an éilimh ($É_1$ $É_1$) agus cuar an tsoláthair ($S_1S_1$) ar mhargadh na ráibe síol ola agus ar mhargadh na heorna.
**(Nóta**: Glac leis **gur** earraí ionaid iad an ráib síol ola agus an eorna i gcás an táirgthe ach **nach** earraí ionaid iad i gcás tomhaltais)

Déan cóip de na léaráidí seo i do fhreagarleabhar agus bain úsáid astu chun an tionchar a bheidh ag **gach ceann** díobh seo, (i) agus (ii) thíos, ar **phraghas margaidh agus ar chainníocht mhargaidh** na ráibe síol ola **agus** na heorna a thaispeáint. Mínigh do fhreagraí.
(**Nóta**: tá cóip ar leith den **dá** léaráid de dhíth i n**gach** cás)

(i) Foilsiú torthaí taighde atá ag cur béime ar an tairbhe ó thaobh na sláinte de a bhaineann le bheith ag ithe bia a bhfuil eorna ann.

(ii) Fóirdheontas a bheith á chur ar fáil d'fheirmeoirí in aghaidh an heicteáir de ráib síol ola a fhásann siad.

**[50 marc]**

**2.**

**(a)** Mínigh **gach** ceann de na ráitis a leanas:

(i) Tá soláthar iomlán na talún talmhaíochta an-neamhleaisteach;

(ii) Éileamh díortha é an t-éileamh ar thalamh talmhaíochta.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thoisc a chinntíonn praghsanna na talún talmhaíochta.

**(c)** Déan plé ar **dhá** bhuntáiste **agus** ar **dhá** mhíbhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ann d'fheirmeoir a ghlacann talamh ar léas in ionad é a cheannach.

**[50 marc]**

**3.** Baineann na sonraí seo a leanas le sócmhainní agus le fiachais fheirm **mhairteola** in Éirinn don bhliain dar críoch 30/12/2012.

| **Sócmhainní / Fiachais** | **€** |
|---|---|
| Ró-tharraingt bhainc | 15,000 |
| Beostoc síolraíochta | 40,000 |
| Airgead tirim agus fiachóirí | 18,000 |
| Fiacha cárta creidmheasa | 2,000 |
| Bia ainmhithe agus leasacháin | 7,000 |
| Barra foráiste | 3,000 |
| Talamh agus foirgnimh | 250,000 |
| Iasachtaí le híoc as foirgnimh | 144,000 |
| Iasachtaí le híoc as innealra | 19,000 |
| Innealra agus trealamh | 25,000 |
| Barra indíolta | 2,000 |
| Trádáil beostoic | 23,000 |

**(a)** Déan clár comhardaithe don fheirm seo agus taispeáin: sócmhainní seasta; sócmhainní reatha; fiachais fhadtéarmacha agus fiachais reatha. Ríomh **an glanfhiúchas** agus breac ar an gclár comhardaithe é.

**(b)** Ríomh an cóimheas leachtachta **agus** cóimheas na bhfiachas le glanfhiúchas na feirme seo. (Bíodh do fhreagra ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.) Tabhair breac-chuntas ar an méid a léiríonn **gach** toradh duit faoi staid airgeadais na feirme.

**(c)** Glac leis gur tusa comhairleoir airgeadais an fheirmeora seo. Bunaithe ar na sonraí agus ar an anailís thuas, cén chomhairle a chuirfeá ar an bhfeirmeoir chun inmharthanacht airgeadais an ghnó a dhaingniú san am atá le teacht?

**[50 marc]**

**4.** Taispeánann an tábla sonraí faoi chainníocht agus faoi phraghas tráchtearraí feola in 2000 agus in 2011.

| | **2000** | | **2011** | |
|---|---|---|---|---|
| | **Cainníocht** (cloigne '000) | **Praghas** (€ an cloigeann) | **Cainníocht** (cloigne '000) | **Praghas** (€ an cloigeann) |
| **Beithígh** | 2,000 | 670 | 2,000 | 938 |
| **Muca** | 3,000 | 90 | 4,000 | 108 |
| **Caoirigh** | 4,000 | 60 | 2,000 | 96 |

**(a)** Bain úsáid as na sonraí thuas agus ríomh **innéacs simplí meánphraghsanna** na dtrí thráchtearra feola don bhliain 2011. Mínigh do fhreagra.

(**Nóta:** Bíodh an bhonnbhliain 2000 = 100 agus bíodh do fhreagra ceart go dtí an tslánuimhir is gaire)

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar an bhuntáiste atá le baint as **innéacs meáite praghsanna** a úsáid in áit **innéacs simplí meánphraghsanna**.

**(c)** Déan plé ar conas a d'fhéadfadh feirmeoir iarracht a dhéanamh ar na praghsanna a fhaigheann sé ar a aschur talmhaíochta a ardú.

**[50 marc]**

**5.** Taispeánann an tábla seo a leanas an tionchar atá ag leibhéil dhifriúla (A go F) den úsáid leasachán (kg sa heicteár) ar tháirgeadh Bharr Y(tonaí sa heicteár).

| | **A** | **B** | **C** | **D** | **E** | **F** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Úsáid leasachán (kg sa ha) | 0 | 50 | 100 | 150 | 200 | 250 |
| Táirgeadh Bharr Y (tonaí sa ha) | 2.0 | 3.0 | 3.8 | 4.4 | 4.8 | 5.0 |


**(a)** Ag baint úsáide as na sonraí sa tábla thuas duit, tarraing graf chun an coibhneas idir úsáid leasachán (an *x*-ais chothrománach) agus táirgeadh an bhairr (an *y*-ais cheartingearach) a léiriú. Lipéadaigh an dá ais **agus** an cuar a shainítear sa ghraf.
(**Nóta:** Féadfar grafpháipéar a úsáid le haghaidh na ceiste seo)

**(b)** Sainmhínigh dlí an toraidh imeallaigh laghdaithigh **agus** mínigh conas a léiríonn an graf é.

**(c)** Tá Seán, feirmeoir, ag obair ag pointe D faoi láthair (i.e. úsáideann sé 150 kg de leasachán in aghaidh an ha agus faigheann sé táirgeadh 4.4 tona in aghaidh an ha den bharr).
Tá sé ag smaoineamh ar thosú ag obair ag pointe E.
An mbeadh sé ciallmhar ó thaobh na heacnamaíochta de bogadh ó phointe D go pointe E, má chosnaíonn leasachán €1 **an kg** agus má tá praghas díola €100 **an tona** ar an mbarr? Mínigh do fhreagra.

**[50 marc]**

**6.** Meánphraghsanna bainne san AE agus praghsanna Trádáil Déiríochta Domhanda (TDD) (Márta 2010 = 100).




(Foinse: www.milkprices.nl)

**(a)** Taispeánann an graf thuas coinbhéirseacht phraghsanna bainne an AE agus praghsanna domhanda (TDD) ó bhlianta láir 2000 i leith. Tabhair breac-chuntas ar an ról a bhí ag leasuithe pholasaí an AE **agus** ag an éileamh domhanda ar earraí bainne i gcruthú na coinbhéirseachta seo.

**(b)** Luaigh **dhá** bhuntáiste iomaíochta atá ag feirmeoirí déiríochta na hÉireann ar an margadh domhanda.

**(c)** Déan plé ar **dhá** dheis atá ar fáil d'earnáil déiríochta na hÉireann chun a gcumas iomaíochta ar an margadh domhanda a fheabhsú san am atá le teacht.

**[50 marc]**

Leathanach Bán